An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Lá Oiliúna COGG

15 Samhain 2018
Óstán Clayton na Gaillimhe

Ceardlann 1

Cleite – An Clár Luathléitheoireachta

Is clár spreagúil léitheoireachta é seo do pháistí óga. I measc na seisiún idirghníomhach, díreofar ar an réimse leathan straitéisí léitheoireachta atá le forbairt, ar cheacht léitheoireachta faoi threoir agus ar mheasúnú ar dhul chun cinn sa léitheoireacht. Tabharfar léiriú ar an dóigh a bhforbraíonn Fónaic na Gaeilge trí bhandaí an chláir, mar aon le cumas scríbhneoireachta gach dalta. Ar deireadh, pléifear le bainistiú ranga agus leis na háiseanna breise tacaíochta páipéir agus ar líne.

Ceardlann 2

Spreagadh na Léitheoireachta – Moltaí Praiticiúla & Acmhainní Úsáideacha

Tá iliomad deiseanna ann chun léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn ar scoil agus sa bhaile. “Ba chóir do gach páiste tairbhe a bhaint as an deis trí ghliondar agus spleodar a bheith orthu agus iad caillte i leabhair.” Déanfar moltaí praiticiúla chun fonn agus toilteanas an pháiste chun léitheoireacht a dhéanamh a iniúchadh sa cheardlann seo. Ina theannta sin déanfar modhanna éagsúla léitheoireachta a mholadh chomh maith le heolas a roinnt ar raon leathan leabhar Gaeilge.

Bain Súp As

Is é aidhm na hacmhainne Bain Súp As ná aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar struchtúir na Gaeilge mar chur chuige leis an bhfeasacht agus leis an gcruinneas teanga a chur chun cinn. Tá sraith ceachtanna, gníomhaíochtaí agus cluichí a fhorbróidh feasacht na bhfoghlaimeoirí ar spriocstruchtúir ar leith. Is cur chuige fócasaithe ar fhoirm na teanga atá i gceist le gach ceacht. Tabharfaidh Aisling Ní Dhiorbháin léargas sa cheardlann seo ar conas an achmainn a úsáid chun dul i ngleic le laigí cruinnis ar bhealach atá pléisiúrtha, spraiúil agus ina bhfuil an foghlaimeoir lárnach agus gníomhach

*liúntas ionadaíochta ar fáil do **mhúinteoir amháin ó gach scoil.**

Tuilleadh eolais ag eolas@cogg.ie